



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curraclain agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Clár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach: Ceol

Modúl Roghnach

Le haghaidh comhairliúcháin

Samhain 2025

Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach (CFL2SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL2SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus Sruthanna Roghnacha. Modúl Roghnach is ea an Ceol.

Modúl amháin atá sa Cheol. Ceapadh é le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad den am teagaisc/ranga ar feadh dhá bhliain.

Teideal modúil	Am molta in uaireanta an chloig
Ceol	60

Réasúnaíocht

Cuirtear go mór le forbairt an duine iomláin nuair a fhoghlaimítear trí na healaíona. Is é is aidhm don mhodúl roghnach seo ná rannpháirteachas fisiciúil, céadfach, sóisialta agus mothúcháin na scoláirí a fhorbairt agus tacú leis trí dheis a thabhairt do na scoláirí a gcuid smaointe, mothúchán, machnaimh agus eispéireas, mar aon leis an gcaoi a mbraitheann siad, a fhiosrú, a chur in iúl agus a léiriú trí fhuaim, ceol agus focail.

Is meán fionnachtana é an ceol. Tugann sé deis do na scoláirí iad féin a chur in iúl tríd agus ligeann sé dóibh díriú ar fhreagra a thabhairt tríd. Trí cheol a phlé agus a chruthú, mar aon le bheith ag éisteacht leis, aithníonn na scoláirí láithreach agus ról an cheoil ina ngnáthshaol. Aithníonn na scoláirí go dtimpeallaíonn ceol iad, idir an dúlra, na meáin, an scoil agus a bpobal áitiúil. Tá gnéithe de phatrún, d'fhuaime, de struchtúr, de ghluaiseacht, de chreathadh agus de rithim, atá bunúsach i ngnáth-thimpeallacht, le feiceáil sa cheol. Tacaíonn sin leis na scoláirí a dtimpeallacht áitiúil agus a bpobal a léirmhíniú, agus tacaíonn sé leo naisc a fhorbairt iontu. Cabhraíonn sin leis na scoláirí ciall a bhaint as an saol.

Cuireann an modúl roghnach seo ar chumas na scoláirí éisteacht agus dul i ngleic le gach cineál ceoil ar scoil, sa bhaile agus ina bpobal. Cuirtear dlús le folláine na scoláirí ar an iomlán, rud a chabhraíonn le féinmhuinín a fhorbairt iontu de réir mar a ghlacann siad páirt i ngníomhaíochtaí ceoil éagsúla agus a bhraitheann siad go bhfuil éacht déanta acu.

Táthar ceaptha taitneamh a bhaint as an gCeol. Cuireann forbairt thuiscint agus léirithiscint na scoláirí ar an gceol le forbairt na bpríomhinníúlachtaí sa tsraith shinsearach agus an bealach eile thart. Nuair a tharlaíonn sin, tacaítear leis an bhfoghlaim uile trasna na sraithe sinsearaí agus cuirtear forbairt scileanna saoil tábhachtacha chun cinn. Téann an méid sin chun tairbhe do na scoláirí ar chuid mhór bealaí faoi mar a dhéanann siad dul chun cinn i gconairí foghlama agus a aistríonn siad chuig an saol tar éis na scoile.

Leanúnachas agus dul chun cinn

Leis an modúl seo, tógtar ar fhoghlaim agus eispéiris na scoláirí i gCuraclam na Bunscoile agus sa Chreat don tSraith Shóisearach. Tacaíonn an fhoghlaim tríd an modúl roghnach Ceoil go sonrach le príomhscileanna ón tsraith shóisearach a fhorbairt, príomhscileanna a bhaineann le féinbhainistiú, le bheith ag fanacht folláin, le cumarsáid a dhéanamh, le bheith cruthaitheach, le bheith ag obair le daoine eile agus le heolas agus smaointeoireacht a bhainistiú. Tríd an modúl, cuirtear forbairt agus foghlaim chun cinn freisin i réimsí amhail litearthacht, uimhearthacht, teanga, comhordú luaile, soghluaisteacht agus scileanna fóillíochta.

Tá sé d'aidhm ag an modúl Ceoil ag Leibhéal 2 sa tsraith shinsearach príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí a fhorbairt, lena n-áirítear a bheith cruthaitheach, folláine a chothú agus a bheith ag obair le daoine eile. Chomh maith leis sin, cuireann sé an neamhspleáchas chun cinn, agus tugann sé braistint gnóthachtála do scoláirí mar aon le muinín ina gcuid foghlama.

Tugtar deiseanna do scoláirí a léiriú conas is féidir an fhoghlaim a fhaightear anseo a nascadh leis an bhfoghlaim roimhe seo, le modúil agus réimsí curaclaim eile, le gníomhaíochtaí na scoile i gcoitinne agus leis an saol lasmuigh den scoil, agus a gcuid foghlama á cur i bhfeidhm i réimsí amhail Litearthacht, a Réimse Sainspéise, Cumarsáid agus Litearthacht, Uimhearthacht, Corpoideachas, Scileanna TF, Amharc-ealaín, Drámaíocht agus Cúram Pearsanta. Tá an méid sin ina chuidiú chun foghlaim a neartú agus inniúlacht na scoláirí a chur chun cinn chun cumarsáid a dhéanamh, idirghníomhú, bheith cruthaitheach, iad féin a chur in iúl, a gcuid mothúchán agus smaointe, peirspictíochtaí agus cruinneshamhail daoine eile a fhiosrú ar bhealaí éagsúla. Tríd sin tacaítear leis na scoláirí lasmuigh den scoil agus soláthraítear braistint gaisce agus muiníne do scoláirí de réir mar a aistríonn siad chuig saol na hoibre, an staidéir nó seirbhísí breise lasmuigh den scoil.

Teagasc agus foghlaim

Scáth-théarma atá i gCeol ina gclúdaítear réimse eispéireas agus gníomhaíochtaí foghlama a bhaineann leis an gceol. Is féidir le Ceol a bheith i bhfoirm éisteachta, freagartha, rannpháirtíochta nó cumtha. Leagtar béim sa mhodúl roghnach Ceoil ar an rannpháirtíocht ghníomhach, ar an rannpháirtíocht shóisialta, ar an bhfoghlaim eispéireasach phraiticiúil ina ndírítear ar thaitneamh a bhaint as ceol. Foghlaimíonn na scoláirí gur rud pearsanta, ach uilíoch é an ceol. Ba cheart na scoláirí a spreagadh le bheith ag plé le ceol, a roghanna a shainaithint agus tús a chur le tuiscint a fháil ar choincheapa an cheoil ar bhealach dáiríre.

Tá cumas nádúrtha agus ceolmhaireacht nádúrtha ag gach scoláire ar féidir iad a fhorbairt agus a fhiosrú. Baineann na scoláirí na torthaí foghlama amach trí ghníomhaíochtaí foghlama praiticiúla. Ba cheart go ndéanfaí iarracht sna scoileanna ar na scoláirí a spreagadh le tabhairt faoi réimse gníomhaíochtaí a dearadh chun a chumasú dóibh léirthuisct a fháil do dhomhan an cheoil atá mórthimpeall orthu agus taitneamh a bhaint as. Is féidir leis na scoláirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí aonair agus is féidir leo a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochta mar chuid de ghrúpa freisin. Ba cheart cuid mhór deiseanna a thabhairt dóibh chun taithí a fháil ar an spraoi, ar an taitneamh agus ar na gnéithe cruthaitheacha agus sóisialta a bhaineann leis an gceol.

Trí thionscadail chomhoibríocha tacaítear le hidirghníomhaíocht shóisialta agus cumarsáid de réir mar a phléann na scoláirí lena bpiarghrúpa agus leis an bpobal níos leithne. Cé go liostáiltear smaointe áirithe, tá an tsolúbthacht ag scoileanna a gcuid gníomhaíochtaí féin a sholáthar ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, ar chonláistí áitiúla agus ar ábhair spéise, láidreachtaí agus cumais na scoláirí. Is féidir le gach gníomhaíocht a bheith faoi threoir an mhúinteora nó an scoláire, samhaltaithe nó tacaíthe, mar is cuí. Féadfadh na nithe seo a leanas a áireamh ar ghníomhaíochtaí, ach gan bheith teoranta dóibh:

- Fiosrú ar uirlis cheoil
- Cluichí meaitseála fuaime a thacaíonn le hidirdhealú éisteachta agus le scileanna éisteachta; is féidir amharciómhánna nó spreagthaigh eile a úsáid

- Frásaí, rímeanna, amhráin a chasadh i ngrúpaí nó ina n-aonar. Is féidir íomhánna, Lámh nó TCÉ a úsáid.
- Cluichí rithime agus gluaiseachta le ceol
- Cluichí chun nasc a dhéanamh idir an ceol agus mothúcháin
- Am scíthe ceoil
- Cruthaigh d'uirlis cheoil féin
- Am scéalaíochta ceoil
- Ceol a chasadh agus ligean do na scoláirí dul ag péinteáil, ag tarraingt nó ag dathú chun a mothúcháin a chur in iúl
- Rince na nDealbh
- Gníomhaíochtaí cumarsáide ceoil amhail casadh i bhfoirm glao agus freagairt, bualadh bos rithimeach, cnagcheol colainne nó gluaiseacht léiritheach
- Seisiún jeamála nó cumadóireacht ar an láthair le huirlisí fisiciúla nó digiteacha
- Éisteacht le liricí agus plé orthu
- Seinnliosta a chruthú
- Ceol digiteach a dhéanamh
- Cór
- Dráma nó ceoldráma scoile
- Cuairteanna chuig imeachtaí ceoil
- Aoicheoltóirí
- A bpíosa féin a chumadh.

Trí théarmaíocht nó foclóir bunúsach a thabhairt do scoláirí le gur féidir roinnt gnéithe den cheol a phlé amhail luas (tapa/mall), dinimic (ard/íseal), rithim (rialta/neamhrialta), cuirfear le foclóir na scoláirí agus tabharfar deiseanna dóibh teanga an cheoil a úsáid chun a gcuid smaointe, braistintí agus mothúchán a chur in iúl. Ní amháin gur féidir leis na scoláirí leas a bhaint as an teanga sin chun cur síos a dhéanamh ar cheol, ach d'fhéadfaí leas a bhaint aisti i ngnáthghníomhaíochta eile. Trí bheith ag éisteacht, éiríonn na scoláirí feasach ar na gnéithe corraitheacha den cheol, agus is féidir foclóir cuí a thabhairt dóibh chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a mothaíonn siad de bharr an cheoil.

Tacaítear sa Cheol le gníomhaíochtaí saibhre ó thaobh na gcéadfaí de, ina gcuirtear ar chumas na scoláirí a dtimpeallacht cheoil a fhiosrú agus a gceol féin a chumadh. Is féidir leis na scoláirí sult a bhaint as na gníomhaíochtaí sin, ach freisin, ambuanna pearsanta féin maidir leis an gceol a aithint, léirithiúint a fhorbairt don cheol agus teacht ar bhealach chun iad féin a chur in iúl tríd an gceol.

Is féidir ceol a úsáid chun tacú le hamanna aistrithe trí leas a bhaint as ceol a bhfuil cur amach acu air nó as gnáthaimh cheoil. Is féidir leis na scoláirí a bheith ag súil le hamhráin nó leideanna a bhfuil cur amach acu orthu laistigh de ghnáthamh struchtúrtha, agus is féidir leo a dtuiscint air sin a chur in iúl ar bhealach atá oiriúnach dóibh. Is féidir leis na scoláirí a bheith rannpháirteach freisin i nósanna imeachta nó struchtúir 'tús agus deireadh' i seisiún cheoil, amhail amhráin chun beannú do dhuine nó amhráin chun slán a fhágáil.

Is féidir ceisteanna a bheith i gceist agus gníomhaíochtaí ceoil na scoláirí á bpleanáil ag múinteoirí dóibh. Is féidir go mbeidh feidhm aige sin maidir le trealamh, uirlisí, teicneolaíocht agus gníomhaíochtaí taiscéalaíocha a roghnú atá oiriúnach do riachtanais na scoláirí. Is féidir gurb é an pointe foghlama tosaigh do scoláirí áirithe ná éirí cleachta, agus ar a gcompord, le fuaimíocht timpeallachtaí ceoil, nó d'fhéadfaí uirlisí sainoiriúnaithe a bheith ag teastáil uathu, agus d'fhéadfadh scoláirí áirithe a bheith ag brath go hiomlán ar an teicneolaíocht chun a gcuid ceoil féin a chumadh san am céanna. I gcás inar cuí, is féidir teicneolaíocht dhigiteach agus oiriúnaitheach a úsáid chun tacú le foghlaim agus rannpháirtíocht. A bhuí le háiseanna amhairc,

uirlisí oiriúnaitheacha don chruthú, gléasanna cumarsáide, agus leideanna amhairc agus réad, is féidir inniúlacht na scoláirí a fheabhsú chun bheith ag plé leis an modúl.

Modúl: Ceol

Tuairisceoir modúil

Gheobhaidh na scoláirí taithí ar chineálacha éagsúla ceoil agus uirlisí ceoil mar dhuine aonair agus laistigh de ghrúpa, agus glacfaidh siad páirt iontu. Tacófar leo agus iad ag aithint gnéithe éagsúla den cheol, ag freagairt ar sheánraí éagsúla an cheoil agus ag nascadh ceoil lena gcuid samhlaíochta, smaointe agus mothúchán. Beidh an deis ag na scoláirí a gceol féin a chumadh. Foghlaimoidh na scoláirí an chaoi ar féidir ciall a bhaint as an gceol.

Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí:
Féinléiriú trí cheol. Téann na scoláirí i ngleic le teanga agus teicnící a bhaineann le ceol agus fuaim. Fiosróidh na scoláirí cineálacha ceoil agus uirlisí ceoil éagsúla trí thadhall, trí ghluaiseacht, nó trí ghuthaíocht, agus tacófar lena bhféinléiriú dá bharr.	- a chur in iúl cá gcloiseann siad ceol sa ghnáthshaol - uirlisí a shainaithint agus a ainmniú - an chaoi a ndéantar fuaimeanna le huirlis a bheith ar eolas acu - teicnící ar dreasa ceoil iad a léiriú amhail réamhchleachtadh, rithim, patrún, iarchleachtadh - sealaíocht cheoil a léiriú (m.sh. fanacht lena seal chun uirlis a sheinm nó le freagairt do leid cheoil) - an chaoi ar féidir leas a bhaint as fuaimeanna chun éifeacht a chruthú a léiriú - cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidtear ceol i bpíosa drámaíochta/scannáin le dul i gcion - fuaimeanna, tuinairdí, rithimí nó maisíochtaí éagsúla a dhéanamh - tionlacan uirlise agus/nó tionlacan gutha le píosa ceoil a cumadh cheana a thaibhiú - teicnící uirlise agus/nó teicnící gutha i bpíosa ceoil a shainaithint - cur síos a dhéanamh ar an tionchar a imrítear ar a gcuid braistintí, smaointe, mothúchán agus samhlaíochta ach éisteacht le píosaí éagsúla ceoil - an chaoi ar féidir leas a bhaint as ceol chun do scíth a ligean nó chun fuinneamh a chur ionat féin a shainaithint
Ceol a chumadh. Foghlaimíonn na scoláirí conas smaointe a spreagadh, a fhorbairt nó a thionscnamh mar dhuine aonair nó in éineacht le daoine eile. Cumann na scoláirí a gcuid ceoil féin ina dtugtar léiriú ar a gcuid mothúchán nó eispéireas féin, agus spreagtar iad le smaoineamh ar an gcaoi a mthaíonn sé. Is féidir leis na scoláirí úsáid a bhaint as uirlis cheoil, as an nguth nó as teicneolaíocht le ceol a chumadh.	- píosa ceoil gairid nó sliocht de a thaibhiú mar dhuine aonair agus/nó mar chuid de ghrúpa - píosa gairid ceoil a chumadh agus a thaibhiú, bunaithe ar a gcuid smaointe féin, nó íomhá/píosa ealaíne/damhsa gairid/dráma gairid nó gearrthán scannáin a chumadh agus a thaibhiú - smaointe ceoil a thabhairt agus a fhorbairt lena n-úsáid chun píosa ceoil a chumadh

- o. uirlis cheoil a roghnú le haghaidh a phíosá ceoil féin
- p. idirdhealú a dhéanamh idir fuaimeanna nó guthanna difriúla agus an chaoi a gcuireann siad mothúcháin in iúl sa cheol
- q. cur síos a dhéanamh ar an rún (nó an cuspóir) don cheol a chumann siad
- r. cur síos a dhéanamh ar a ról agus a n-ionchur i dtaispeántas grúpa
- s. cumadóireacht ar an láthair a dhéanamh ag baint úsáid as réimse rithimí agus tuinairdíséiseacha chun píosa gairid ceoil a chumadh
- t. íomhá/píosa ealaíne/damhsa gairid/dráma gairid a chruthú arna spreagadh ag píosa ceoil atá ann cheana
- u. na céimeanna a thóg siad chun píosa ceoil a chumadh a chur in iúl
- v. freagra a thabhairt ar cheisteanna faoi ghnéithe ar leith de shaothar ceoil
- w. teanga/téarmaíocht cheoil chuí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar cheol.

